



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Meán Fómhair 2023
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0311(COD)

12755/23
ADD 5

SOC 587
ANTIDISCRIM 161
FREMP 235
TRANS 341
SPORT 25
CULT 93
CODEC 1551
IA 214

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	7 Meán Fómhair 2023
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	SWD(2023) 291 final
Ábhar:	DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2023) 291 final.

Faoi iamh: SWD(2023) 291 final



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.9.2023
SWD(2023) 291 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN
ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ
TIONCHAIR**

[...]

a ghabhann leis an doiciméad

**Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle
lena mbunaítear an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach do
dhaoine faoi mhíchumas**

{COM(2023) 512 final} - {SEC(2023) 305 final} - {SWD(2023) 289 final} -
{SWD(2023) 290 final}

A. An gá atá le gníomh ón Aontas

Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?

Tá daoine san Aontas ag éirí níos soghluaiste agus tá an ceart ag gach uile dhuine gluaiseacht faoi shaoirse san Aontas agus rochtain a fháil ar sheirbhísí i ngach Ballstát. Tá bacainní fós ar dhaoine faoi mhíchumas i ndáiríre, áfach, lena bhféadfaí iad a chur ó nó a dhíspreagadh ó ghluaiseacht faoi shaoirse, go háirithe toisc nach n-aithnítear a gcártaí míchumais nó a ndeimhnithe míchumais a eisítear ar an leibhéal náisiúnta i gcónaí nuair a dhéanann siad iarracht rochtain a fháil ar sheirbhísí faoi na coinníollacha fabhracha céanna leis na cinn atá ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas sa tír ar tugadh cuairt uirthi le linn turais ghairide chuig Ballstáit eile. Tá impleachtaí praiticiúla aige sin do dhaoine faoi mhíchumas ar mian leo taisteal chuig Ballstáit eile.

In éagmais aon oibleagáid rialála, tá glacadh le cártaí míchumais náisiúnta agus deimhnithe neamhchónaitheoirí deonach agus dá bhrí sin, tá teorainn leo ar fud an Aontais. Ina theannta sin, níl dóthain feasachta agus eolais ann maidir le cártaí/deimhnithe míchumais náisiúnta éagsúla. Mar thoradh air sin, **nuair a thaistealaíonn daoine faoi mhíchumas chuig Ballstáit eile nó nuair a thugann siad cuairt ar Bhallstáit eile, cuirtear bac ar a rochtain ar choinníollacha fabhracha, lena n-áirítear na coinníollacha sin a bhaineann le seirbhísí a sholáthraítear ar luach saothair agus nach soláthraítear ar luach saothair.** D'fhéadfadh idirdhealú indíreach ar bhonn náisiúntachta a bheith mar thoradh air sin i gcásanna áirithe, nó ar a laghad éiginnteacht faoi cé acu a bheidh nó nach mbeidh daoine aonair ábalta a gcárta/a ndeimhniú míchumais a úsáid agus rochtain á fáil acu ar sheirbhísí. D'fhéadfadh sé go mbeadh costais le híoc ag daoine faoi mhíchumas agus ag a dteaghlaigh chun rochtain a fháil ar sheirbhísí agus iad a úsáid, seirbhísí a bheadh saor in aisce dá gcontrapháirtithe sa tír is ceann scríbe agus d'fhéadfaidís cailleadh amach ar choinníollacha fabhracha amhail tacaíocht airgeadaíochta, díolúintí ó íoc as seirbhísí áirithe agus cineálacha eile tacaíochta. Mar thoradh air sin, féadfar daoine faoi mhíchumas a dhíspreagadh ó thaisteal chuig Ballstáit eile.

Faigheann údarais phoiblí iarrataí ar fhaisnéis maidir le haitheantas do chártaí nó do dheimhnithe míchumais arna n-eisiúint ag Ballstát eile, rud a chuireann lena n-ualach riaracháin. Tá éiginnteacht dhlíthiúil rompu freisin, toisc nach bhfuil sé d'acmhainn acu bailíocht na gcártaí/na ndeimhnithe sin a dheimhniú.

Ina theannta sin, bíonn deacrachtaí ag soláthraithe seirbhíse aitheantas a thabhairt don raon éagsúil cártaí agus deimhnithe míchumais náisiúnta atá riachtanach chun coinníollacha fabhracha a dheonú. Tarlaíonn caillteanais eacnamaíocha san earnáil turasoíreachta freisin mar gheall ar dheiseanna caillte taistil na ndaoine faoi mhíchumas.

Agus iad ag taisteal i gcarr san Aontas, bíonn deacrachtaí ag daoine faoi mhíchumas Cárta Páirceála an Aontais Eorpaigh a úsáid. I gcás roinnt mhaith daoine faoi mhíchumas, is é an t-iompar príobháideach i gcarr an bealach is fearr nó an t-aon bhealach a bhíonn acu chun dul ó áit go háit go neamhspleách. Mar sin, tá sé ríthábhachtach go mbeadh saoraidí páirceála a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas ar fáil. Dearadh an Cárta Páirceála Eorpach do dhaoine faoi mhíchumas, a cruthaíodh le Moladh 98/376/CE ón gComhairle, chun é sin a éascú. Déantar dochar dá éifeachtacht, áfach, mar gheall ar dhifriochtaí náisiúnta san fhormáid a úsáidtear don chárta, easpa faisnéise maidir leis na coinníollacha a dheonaítear do shealbhóirí cárta ar fud na mBallstát, agus cásanna calaoise agus brionnaithe an chárta. Dá

bhrí sin, is minic nach mbíonn sé soiléir do shealbhóirí cárta conas is féidir leo a gcárta a úsáid, cá háit ar féidir leo tiomáint agus páirceáil, agus conas is féidir leo cloí le rialacha tráchta lasmuigh dá n-áit chónaithe. Bíonn míbhuntáistí praiticiúla ann do dhaoine faoi mhíchumas mar thoradh ar neamh-aithint an Chárta Páirceála Eorpaigh, amhail gan a bheith in ann páirceáil in aice le bealach isteach áitribh nó fíneálacha airgeadais. Leis sin, d'fhéadfaí teorainn a chur leis an úsáid a bhaineann siad as seirbhísí, rud a mbíonn cóir mhíchothrom mar thoradh air i gcomparáid leis na daoine faoi mhíchumas a bhfuil cárta páirceála acu arna eisiúint ag an tír a bhfuil cuairt á tabhairt uirthi, agus ar deireadh déantar na daoine aonair sin a dhíspreagadh ó thaisteal.

Mura ndéantar aon ghníomh, is dócha go mbeidh daoine faoi mhíchumas éiginnte i gcónaí i dtaobh an nglacfar lena gcárta míchumais náisiúnta nó lena ndeimhniú míchumais náisiúnta agus iad ag taisteal san Aontas.

Meastar go mbeidh tionchar threoirhionscadal an Chárta Míchumais Eorpaigh ina thionchar measartha mar gheall ar a chineál deonach agus líon teoranta na mBallstát agus na n-earnálacha atá rannpháirteach. Ar an lámh eile, leanfar den ról dearfach atá ag an gCárta Páirceála Eorpach maidir le saorghluaiseacht agus cearta páirceála daoine faoi mhíchumas a chur chun cinn. Mar sin féin, meastar go dtiocfaidh méadú ar na fadhbanna maidir lena aitheantas ag na Ballstáit mar gheall ar fhorbairtí teicniúla agus digiteacha, rud a mhéadaíonn na difríochtaí sna samhlacha.

Meastar go méadófar an fhadhb mar gheall ar aosú an daonra mar go bhfuil leitheadúlacht níos airde míchumais i measc daoine 65+ (48.6 % de dhaoine san aoisghrúpa sin faoi láthair). Ina theannta sin, meastar go n-ardóidh patrúin taistil an phobail i gcoitinne, mar a bhí an treocht go dtí 2019 roimh phaindéim COVID. Maidir le daoine faoi mhíchumas, déantar ceithre chás bunaithe ar thiomhdí faoin dóigh a bhforbróidh an bhearna idir an grúpa daoine sin agus an daonra i gcoitinne maidir le claonadh taistil¹. Glactar leis sa chás bunúsach go mbeidh an bhearna seasmhach i gcónaí. Glactar leis i gcás na bearna atá ag méadú nach méadóidh rannpháirtíocht daoine faoi mhíchumas i dturasóireacht i gcomhthráth le rannpháirtíocht an phobail i gcoitinne. Le dhá chás níos dóchasaí, glactar leis go dtiocfaidh íoslaghdú ar an mbearna taistil nó go ndúnfar í. I gcás nach ndéanfar aon ghníomh, áfach, **is é an cás is dóichí nach n-athróidh an bhearna mheasta idir rannpháirtíocht taistil daoine faoi mhíchumas agus an daonra i gcoitinne** má bhíonn an éiginnteacht maidir le haitheantas do chártaí/deimhnithe míchumais fós ann.

Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?

Is é is cuspóir ginearálta do thionscnamh an Chárta Míchumais Eorpaigh saorghluaiseacht agus rochtain chomhionann ar choinníollacha fabhracha ar sheirbhísí a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas a éascú, is cuma cén áit a dtaistealaíonn siad san Aontas. Go sonrach, is é is aidhm dó aitheantas frithpháirteach cártaí míchumais a éascú chun go mbeidh rochtain ag daoine faoi mhíchumas ar sheirbhísí nuair a bheidh siad ag taisteal chuig Ballstáit eile nó nuair a bheidh siad ag tabhairt cuairt ar Bhallstáit eile. Is é is aidhm dó freisin úsáid an

¹ Tá na cásanna bunaithe ar an bhfaisnéis a bailíodh faoi threochtaí roimhe seo i gclaonadh taistil an daonra idir 15-64 bliana d'aois (bunachar sonraí Eurostat, TOUR_DEM_TOTOT. Le fáil ag: [nasc](#)) agus sonraí suirbhé ar dhaoine faoi mhíchumas san aoisghrúpa céanna (*Economic Impact and Travel Patterns of Accessible Tourism in Europe - Full Report* [Tionchar Eacnamaíoch agus Patrúin Taistil na Turasóireachta Inrochtana san Eoraip - Tuarascáil Iomlán]), 8.3.2015. AS GROW An Coimisiún Eorpach. Le fáil ag: [nasc](#)).

Chárta Páirceála Eorpaigh a éascú agus deimhneacht dhlíthiúil a bhaineann leis an gcárta sin a áirithiú.

Agus rochtain á fáil ar sheirbhísí a chumhdaítear lena raon feidhme, bídis ina seirbhísí a sholáthraítear ar luach saothair nó a sholáthraítear gan luach saothair, bhainfeadh sealbhóirí an Chárta Míchumais Eorpaigh tairbhe as na coinníollacha fabhracha céanna a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas sa Bhallstát a bhfuil siad ag tabhairt cuairt air. Ina theannta sin, tá sé beartaithe leis an tionscnamh feabhas a chur ar fheidhmiú an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas, feabhas a chur ar a aitheantas frithpháirteach, ar fheasacht faoi agus cosc ar a bhrionnú agus ar úsáid chalaioiseach.

Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?

Tá gné thrasteorann ag baint leis na fadhbanna a aithníodh nach féidir leis na Ballstáit iad a réiteach astu féin. Baineann an gá atá le gníomh ón Aontas go díreach le taisteal trasteorann agus le dúshláin ghaolmhara a bhíonn roimh dhaoine faoi mhíchumas agus iad ag taisteal laistigh den Aontas. Is gá cur chuige comhordaithe idir na Ballstáit a áirithiú lena chur ar a gcumas do dhaoine faoi mhíchumas a bhfuil cárta míchumais nó deimhniú míchumais acu na coinníollacha fabhracha céanna a bheith acu gan beann ar an áit san Aontas a mbeidh siad ag taisteal chuige. Dá mba rud é nach ndéanfaidh an tAontas idirghabháil, thiocfadh méadú ar na difríochtaí reatha i gcártaí/deimhnithe míchumais náisiúnta, agus leanfaí leis an gcóir dhifriúil do dhaoine faoi mhíchumas ar fud na mBallstát nó thiocfadh méadú uirthi, rud a bhainfeadh an bonn dá gcearta saorghluaiseachta.

B. Roghanna beartais

Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil an rogha ab fhearr ann? Cén fáth?

Measadh sa mheasúnú roghanna beartais a bhí dírithe ar aitheantas frithpháirteach do stádas míchumais san Aontas a éascú i ndáil le rochtain ar sheirbhísí agus cuairt á tabhairt ar Bhallstát eile (A), agus úsáid agus deimhneacht dhlíthiúil maidir le húsáid an Chárta Páirceála Eorpaigh do dhaoine faoi mhíchumas a éascú (B), lena dtugtar aghaidh, le chéile, ar na dúshláin a sainaithníodh. Caitheadh roinnt roghanna i leataobh amhail socruithe deonacha, nó roghnú seirbhísí.

Is é an rogha ab fhearr meascán de **rogha beartais A2** (samhail éigeantach an Chárta Míchumais Eorpaigh i ngach Ballstát maidir le taisteal chun críocha taistil agus/nó cuairte - lena gcumhdaítear gach earnáil seirbhíse) le **rogha B2** (samhail éigeantach an Chárta Páirceála Eorpaigh).

Is é **rogha A2** an rogha is éifeachtaí maidir le haitheantas frithpháirteach do chártaí míchumais a éascú i ndáil le rochtain ar sheirbhísí agus cuairt á tabhairt ar Bhallstát eile, toisc go ndéantar sainordú inti maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach a chruthú, atá le húsáid go beacht chun na críche sin agus ar féidir é a aithint go héasca ar fud na mBallstát. Chuirfí deireadh leis an éiginnteacht leis an gCárta leis do sholáthraithe seirbhíse a bhfuil orthu stádas míchumais custaiméirí a sheiceáil agus do dhaoine faoi mhíchumas a thaistealaíonn nó a thugann cuairt ar Bhallstáit eile.

Is é **rogha B2** an rogha is éifeachtaí maidir le haitheantas don Chárta Páirceála Eorpach a éascú. Mar ionstraim reachtach cheangailteach, déantar éigeantach íoscheanglais shamhail choiteann an chárta páirceála Eorpaigh agus a formáide agus a gnéithe slándála. Le formáid aonchineálach na gcártaí páirceála náisiúnta laghdófaí an éiginnteacht a bhaineann lena n-aitheantas do dhaoine faoi mhíchumas a thaistealaíonn i gcarr san Aontas. Thabharfaí deis leis sin do shealbhóirí cárta taisteal i gcarr, gan an baol a bheith ann nach n-aithneofaí a gcárta páirceála thar lear. Bheadh coigilteas costais i gceist freisin dóibh siúd lena mbaineann, mar gheall ar úsáid a bhaint as spásanna páirceála poiblí a choinnítear do dhaoine faoi mhíchumas.

I dtéarmaí rogha na hionstraime dlí, meastar go mbeadh **Treoir** ina hionstraim oiriúnach, chomhréireach agus éifeachtach chun cuspóirí an tionscnaimh a bhaint amach agus tá sí i gcomhréir leis na bunúis dlí arna sainaitheint.

Cé hiad na páirtithe leasmhara éagsúla agus cad iad na bearta is rogha leo?

Creideann Parlaimint na hEorpa go láidir ina [Rún 2022](#) gur cheart an Cárta Míchumais Eorpach a bheith bunaithe ar ghníomh reachtach ceangailteach an Aontais lena gcumhdófar raon réimsí éagsúla lasmuigh den chultúr, den fóillíocht agus den spórt.

Tá daoine faoi mhíchumas agus a n-eagraíochtaí i bhfabhar den chuid is mó an tionscnamh a leathnú thar na réimsí a chumhdaítear le treoirhionscadal an Chárta Míchumais Eorpaigh. Sa chomhairliúchán poiblí, luaigh tromlach na bhfreagróirí (ó 3 361 san iomlán) gurb iad na príomhearnálacha ba cheart a áireamh sa Chárta Míchumais Eorpach iompar poiblí (1 821), gníomhaíochtaí cultúrtha (1 566) agus páirceáil (1 534).

Tá comhthoil i measc na mBallstát gur ann don fhadhb, go bhfuil gá le gníomh ón Aontas, agus gur bealach iomchuí é tionscnamh ceangailteach chun dul i ngleic leis an bhfadhb. Tá comhthoil i measc úsáideoirí agus na mBallstát freisin gur cheart an Cárta Míchumais Eorpach agus an Cárta Páirceála Eorpach a choinneáil mar chártaí ar leithligh agus gur cheart cártaí fisiceacha agus digiteacha araon a bheith ar fáil do shealbhóirí cárta.

Tacaíonn na páirtithe leasmhara go mór le hionstraim reachtach.

C. Tionchar na rogha ab fhearr

Cad iad buntáistí na rogha ab fhearr?

Tugtar le fios san anailís go mbeadh roinnt buntáistí ag baint le cur chun feidhme na rogha ab fhearr do dhaoine faoi mhíchumas, do sholáthraithe seirbhíse agus d'údarais náisiúnta.

Do dhaoine faoi mhíchumas:

- Éiginnteacht laghdaithe agus rannpháirtíocht mhéadaithe sa turasóireacht (meastar go laghdófar an bhearna taistil le rogha A2 idir **2.8 agus 4.12 pointe céatadáin**).
- Sochair airgeadaíochta dhíreacha do thart ar 44 % de dhaoine faoi mhíchumas ar diúltaíodh coinníollacha fabhracha dóibh roimhe seo agus iad ag taisteal chuig Ballstát eile de réir thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí. Tá siad sin sa raon EUR 30-120 (agus iad ag taisteal leo féin) agus EUR 80-250 (má tá siad ag taisteal le cúntóir pearsanta) le haghaidh turais suas le 4 lá agus suas le EUR 100 go 400 in aghaidh an turais (in aghaidh an duine) le haghaidh turais suas le 2 mhí.

- Riosca laghdaithe go mbeidh orthu fineálacha a íoc toisc nach n-aithnítear an Cárta Páirceála Eorpach nó go mbeadh orthu íoc as áiteanna páirceála. Is féidir coigilteas a chainníochtú go ginearálta mar bheith faoi bhun EUR 300 mar gheall ar fhíneálacha páirceála a seachnófaí ar fud an Aontais. Coigilteas EUR 4 in aghaidh an lae nó EUR 3 in aghaidh na huaire.

Do sholáthraithe seirbhíse:

- Éiginnteacht laghdaithe maidir le bailíocht cártaí náisiúnta agus laghdú ar chostais chun cártaí/deimhnithe a sheiceáil lena n-áirítear an Cárta Páirceála Eorpach, láimhdeachas méadaithe² ó na daoine a ghabhann leis na daoine faoi mhíchumas a íoc, agus tairbhe margaidh mar gheall go mbeadh níos mo daoine faoi mhíchumas ag taisteal. Meastar go dtiocfaidh fás idir EUR 2.1 agus 3.1 billiún ar an margadh turasóireachta inrochtana don rogha ab fearr le haghaidh an Chárta Míchumais Eorpaigh. Baineann na figiúirí sin lena ngníomhaíochtaí agus lena gcaiteachas go léir agus iad ag taisteal. Maidir leis an gCárta Páirceála, d'fhéadfaí breisluach na turasóireachta inrochtana a mhéadú idir EUR 0.2 billiún agus 0.3 billiún leis an rogha ab fearr.

Do na húdaráis náisiúnta:

- Méadú ar mhéid an mhargaidh turasóireachta inrochtana, agus laghdú ar chostais forfheidhmiúcháin don Chárta Páirceála Eorpach. Méadú ar ioncam cánach ó mhéid méadaithe an mhargaidh turasóireachta inrochtana.

Cad iad costais na rogha ab fearr?

Is mar a leanas atá costais mheasta agus cineál na gcostas a bhaineann leis an rogha ab fearr:

- Maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach, baineann na costais leis an méid seo a leanas:
 - coinníollacha fabhracha a thairiscint do sholáthraithe seirbhísí, e.g., i gcás costais iompair a mheastar a bheith idir EUR 116 agus 161 mhilliún don Aontas (a mbaineann 0.05-0.08 % díobh le hiompar nach mbaineann le haeriompar do phaisinéirí), agus beidh sin éagsúil idir na Ballstáit;
 - an cárta a tháirgeadh, agus meastar go gcosnaíonn sé sin idir EUR 1.02 agus 4.54 in aghaidh an chárta; agus
 - costais dhigiteacha, costais riaracháin, costais suíomhanna gréasáin náisiúnta agus costais múscailte feasachta, agus meastar go gcosnaíonn sé sin idir EUR 90 000 agus EUR 535 000 in aghaidh an Bhallstáit.
- Maidir leis an gCárta Páirceála, baineann na costais leis an méid seo a leanas:
 - an cárta a tháirgeadh, agus meastar go gcosnaíonn sé sin idir EUR 1.02 agus 4.54 in aghaidh an chárta;
 - áirítear costais an tsuímh ghréasáin leis sin;
 - glactar leis gurb ionann na costais eile a áirítear sa rogha beartais agus nialasach toisc gur féidir iad a chomhtháthú sna córais atá ann cheana.

² In 2012, mheas Ard-Stiúrthóireacht GROW staidéar ar thurasóireacht inrochtana go dtaistealaíonn daoine faoi mhíchumas le níos mó compánach (2.2 ar an meán) ná mar a thaistealaíonn an daonra scothaosta (1.6 ar an meán) Beidh na daoine sin ina gcliaint bhreise do na seirbhísí lena mbaineann.

Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí agus do FBManna?

Níl coinne le haon éifeacht shuntasach ar iomaíochas ná ar FBManna. Beidh tionchar dearfach ag rannpháirtíocht mhéadaithe daoine faoi mhíchumas sa turasóireacht ar an turasóireacht, ar earnáil í ina bhfuil FBManna forleathan.

An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?

Beidh roinnt costas ar na húdaráis náisiúnta freisin: beidh na costais iomlána cur chun feidhme idir EUR 95 000 agus EUR 530 000, a bheag nó a mhór, maidir leis an gCárta Míchumais Eorpach (in aghaidh na tíre). Chuimseofaí orthu sin an costas aonuaire a bhaineann leis an suíomh gréasáin náisiúnta a chur ar bun (idir EUR 7 500 agus EUR 23 000, a bheag nó a mhór) agus feachtais múscailte feasachta (a chosnaíonn idir EUR 20 000 agus EUR 70 000, a bheag nó a mhór). Meastar gur EUR 1.67 milliún a bheidh i gceist le costais aonuaire iomlána AE-27 d'údaráis phoiblí chun córas TF a thógáil don Chárta Míchumais Eorpach digiteach, agus meastar gur thart ar EUR 250 000 in aghaidh na bliana a bheidh i gceist leis na costais chothabhála rialta nuair a bheidh cártaí á n-eisiúint do gach duine a thuairiscíonn teorainneacha 'diana' (is é sin an grúpa daoine faoi mhíchumas ar dócha go n-eiseofar Cártaí Míchumais Eorpacha chucu).

Maidir leis an gCárta Páirceála Eorpach, beidh roinnt costais choigeartaithe i gceist chun samhail an chárta a nuashonrú agus costais chun bunachar sonraí náisiúnta agus suíomh gréasáin náisiúnta a chur ar bun (costais atá cosúil leis na costais thuas).

Beidh méadú ar ioncam cánach do bhuiséid náisiúnta mar thoradh ar mhéid méadaithe an mhargaidh turasóireachta inrochtana, go háirithe i gcás rogha A2.

An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?

Tá coinne le héifeachtaí dearfacha láidre ar chearta bunúsacha, mar atá saoirse gluaiseachta (Airteagal 45 de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh), lánpháirtiú daoine faoi mhíchumas (Airteagal 26 den Chairt) agus neamh-idirdhealú (Airteagal 21 den Chairt). D'áiríteofaí leis an tionscnamh cuimsiú sóisialta níos fearr agus lánpháirtiú níos fearr do dhaoine faoi mhíchumas i gcomparáid leis an mbonnlíne.

Cad é an t-iarmhéid glanchostais/sochair don rogha ab fhearr?

Má ghlactar leis an meastachán ar theorainneacha níos ísle de bhreisluach EUR 2.1 billiún le turasóireacht inrochtana don rogha ab fhearr don Chárta Míchumais Eorpach agus má asbhaintear na gcostas measta gaolmhar, beidh buntáiste glan EUR 1.56 billiún i gceist leis an rogha sin. Má ghlactar leis an meastachán níos ísle de bhreisluach EUR 0.2 billiún agus má asbhaintear na costais ghaolmhara, beidh EUR 0.056 billiún i gceist leis rogha ab fhearr don Chárta Páirceála. Is ionann sin agus **EUR 1 616 bhilliún** ar an iomlán.

D. Obair leantach

Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?

I gcomhréir leis na Treoirlínte maidir le Rialáil Níos Fearr, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an tionscnamh 5 bliana i ndiaidh a theacht i bhfeidhm, i gcomhar leis na Ballstáit agus i ndiaidh dul i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara lena mbaineann.